



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2022
(OR. en)

11943/22

LIMITE

JUR 561
POLCOM 104
COMER 99
IA 127
CODEC 1230

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0406(COD)**

TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ¹

ó:	An tSeirbhís Dlí
chuig:	An Mheitheal um Cheisteanna Trádála
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha - bunús dlí agus gnéithe institiúideacha

I. RÉAMHRÁ

1. An 10 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún Togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha ('an Togra')².

¹ Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

² 14943/21.

2. Cuireadh an Togra seo i láthair agus pléadh é sa Mheitheal um Cheisteanna Trádála an 9 Nollaig 2021, an 12 Eanáir 2022, an 25 Eanáir 2022, an 2 Feabhra 2022, an 15 Feabhra 2022, an 2 Márta 2022, an 8 Márta 2022, an 15 Márta 2022, an 5 Aibreán 2022, an 27 Aibreán 2022 agus an 3 Bealtaine 2022.
An 17 Bealtaine 2022, an 1 Meitheamh 2022 agus an 9 Meitheamh 2022, phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Trádála togra comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht³.
An 28 Meitheamh 2022 agus an 5 Iúil 2022, phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Trádála an dara togra comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht⁴.
3. Le linn an phlé, cuireadh ceisteanna i ndáil leis an mbunús dlí atá molta ag an gCoimisiún, gnéithe institiúideacha an tsásra cinnteoireachta atá beartaithe, agus comhoiriúnacht an togra leis an dlí idirnáisiúnta agus le rialacha EDT.
4. Ag na cruinnithe a bhí aici an 27 Aibreán agus an 17 Bealtaine 2022, thug ionadaí Sheirbhís Dlí na Comhairle a comhairle dhlíthiúil maidir le bunús dlí agus gnéithe institiúideacha an togra. Ar iarraidh ón Meitheal um Cheisteanna Trádála, tugtar tuilleadh sonraí i scríbhinn faoi chuid de na pointí a rinneadh ó bhéal.

II. ANAILÍS DLÍ

5. Ar an gcéad dul síos, scrúdófar sa tuairim seo an é Airteagal 207(2) CFAE an bunús dlí ceart le haghaidh Togra (A) agus déanfar anailís ansin ar na gnéithe institiúideacha de (B).

³ WK 6814/2022.

⁴ WK 9206/2022.

A. AN BUNÚS DLÍ

i) *Aidhm agus ábhar an Togra*

6. Ní mór bunús dlí ceart gnímh de chuid an Aontais a chinneadh de réir critéar oibiachtúil ar féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh orthu, lena n-áirítear go háirithe aidhm agus ábhar an bhirt⁵.
7. De réir cásdlí bunaithe, ní mór príomhchuspóir nó príomh-chomhpháirt birt a shainaithint chun an bunús dlí ceart a roghnú. I gcás ina bhfuil dhá chuspóir á saothrú ag beart nó a bhfuil dhá chomhpháirt ag beart agus i gcás inar féidir a shainaithint gur príomhchuspóir nó gur príomh-chomhpháirt ceann amháin díobh, agus nach bhfuil ach ról tánaisteach ag an gceann eile, ní mór an beart a bhunú ar bhunús dlí amháin, is é sin an ceann atá riachtanach do phríomhchuspóir nó do phríomh-chomhpháirt an bhirt. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú i gcomhthráth ag beart nó ina bhfuil roinnt comhpháirteanna aige atá i ndlúthnasc doscartha le chéile, gan ceann amháin a bheith ag gabháil le ceann eile acu, ní mór, go heisceachtúil, beart den chineál sin a bhunú ar na bunúis éagsúla chomhfhreagracha dlí. Mar sin féin, chinn an Chúirt, ina theannta sin, nach féidir dul i muinín débhunús dlí ná ilbhunús dlí i gcás nach bhfuil na nósanna imeachta a leagtar síos do gach bunús dlí comhréireach lena chéile⁶.

⁵ Breithiúnas an 26 Márta 1987, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C45/86, AE:C:1987:163, mír 11; breithiúnas an 11 Meitheamh 1991, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-300/89, AE:C:1991:244, mír 10; Tuairim 2/00 (*Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht*) an 6 Nollaig 2001, AE:U:C:2001:664, mír 22; breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-137/12, AE:C:1991:244, mír 10; breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C-263/14, AE:C:2016:435, mír 43; breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún v an Chomhairle*, (*Comhaontú leis an Airméin*), C-180/20, AE:C:2021:658, mír 32; agus breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle* (*Comhaontú leis an gCasacstáin*), C244/17, AE:C:2018:662, mír 36.

⁶ Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Iúil 2012, *Parlaimint na hEorpa v an Chomhairle*, C-130/10, AE:C:2012:472, míreanna 43-45 agus an cásdlí dá dtagraítear ann.

8. De réir an mheabhráin míniúcháin, is é is aidhm don Togra *‘leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint trína chur ar chumas an Aontais freagairt don chomhéigean eacnamaíoch’*, i gcomhréir leis na luachanna agus na leasanna, mar a mheabhraítear in aithrisí 1 go 3, atá le cumhdach agus le cur chun cinn ag an Aontas ina chaidreamh leis an domhan mór de bhun Airteagal 3(5) CAE agus i gcomhréir leis na prionsabail ar cheart gníomhaíocht an Aontais a threorú ar an ardán idirnáisiúnta de bhun Airteagal 21(1) CAE, lena n-áirítear urraim do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, go háirithe maidir le caidreamh cairdiúil a fhorbairt i measc náisiún bunaithe ar phrionsabail na gceart comhionann. De bhun aithris 5, *‘Tá sé inmhianaithe go gcuirfidh an tAontas le creataí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt agus a shoiléiriú chun cásanna comhéigin eacnamaíoch a chosc agus a dhíothú’*.
9. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun *‘cosaint éifeachtach leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú i gcás ina bhfuil tríú tír ag iarraidh, trí bhearta a dhéanann difear do thrádáil nó d’infheistíocht, an tAontas nó Ballstát a chomhéigniú gníomh áirithe a ghlacadh nó staonadh ó ghníomh áirithe a ghlacadh’*. Is é is aidhm don Rialachán seo freagairt éifeachtach, éifeachtúil agus mear ón Aontas a thabhairt *‘agus é mar chuspóir aige cosc a chur ar ghníomhaíochtaí den sórt sin, nó go staonfadh an tríú tír ó na gníomhaíochtaí sin, agus é á cheadú don Aontas, mar rogha dheireanach, cur in aghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin (Airteagal 1, aithris 7)*.
10. Sainmhínítear comhéigean eacnamaíoch mar chur isteach tríú tír ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit trí bhearta a fheidhmiú nó trí fheidhmiú beart a bhagairt, ar bearta iad lena ndéantar difear do thrádáil nó infheistíocht chun scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith a chosc nó a dhéanamh (Airteagal 2(1) agus aithris 11).
11. Tar éis bearta an tríú tír a scrúdú, *‘glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena gcinnfear an gcomhlíonann beart an tríú tír lena mbaineann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1)’* agus *‘tabharfaidh sé fógra don tríú tír lena mbaineann faoina chinneadh agus iarrfaidh sé uirthi scor den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, an díobháil a d’fhulaing an tAontas nó a Bhallstáit a dheisiú’* (Airteagal 4)⁷.

⁷ Sonraítear san fhoráil freisin go *‘[n]gníomhóidh an Coimisiún go gasta’* agus go bhféadfaidh sé iarraidh ar an tríú tír lena mbaineann a bharúlacha a thíolacadh sula nglacfaidh sí a cinneadh.

12. Ina dhiaidh sin, féachfaidh an Coimisiún ar roghanna leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn an comhéigean eacnamaíoch a scor, ar bhealach neamh-uileghabhálach, lena n-áirítear caibidlíocht dhíreach, idirghabháil, idir-réiteach nó dea-mhéin, an t-ábhar a chur faoi bhráid breithniú idirnáisiúnta nó an t-ábhar a tharraingt anuas in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha (Airteagal 5). Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh, nó le haon tríú tír leasmhar eile (Airteagal 6).
13. Nuair nach mbeidh de thoradh ar na gníomhaíochtaí thuas go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch agus go ndéanfaí an díobháil a rinneadh don Aontas nó do Bhallstát a chúiteamh agus ina mbeidh *‘gá le gníomhaíocht chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint sa chás áirithe sin’*, agus nuair *‘is chun leas an Aontais atá sé’*, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin lena gcinntear freagairt an Aontais as an réimse beart dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra (Airteagal 7(1)).
14. De réir Iarscríbhinn I⁸ agus aithris 10, baineann na bearta a liostaítear le trádáil earraí, soláthar poiblí idirnáisiúnta, trádáil seirbhísí, infheistíocht dhíreach choigríche, na gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, seirbhísí airgeadais ar nós baincéireacht, árachas, rochtain ar mhargaí caipitil an Aontais agus gníomhaíochtaí seirbhísí airgeadais eile, agus rochtain ar chlár taighde arna gcistiú ag an Aontas nó eisiamh ó na cláir sin. D'fhéadfaidís go léir a bheith i bhfoirm beart arb ionann iad agus neamhchomhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme, i.e, frithbhearta ceadaithe, nó bearta uathrialacha atá comhsheasmhach le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

⁸ 14943/21 ADD 1.

15. Chomh maith leis sin, féadfaidh na bearta a leagtar síos in Iarscríbhinn I feidhm a bheith acu maidir le duine dlítheanach nó nádúrtha, arna ainmniú ag an gCoimisiún, atá *'bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann'* (Airteagal 8(2)(a)) nó atá *'bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann agus go raibh sé ina chúis leis an gcomhéigean eacnamaíoch nó go raibh sé páirteach sa chomhéigean eacnamaíoch nó bainteach leis'* (Airteagal 8(2)(b)). Ina theannta sin, i ndáil leis an gcatagóir dheireanach, cruthaítear leis an Togra teideal chun go mbeidh *'duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid an Aontais'* in ann *'aon damáiste a d'eascair ó na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a chúiteamh sa mhéid gur rannchuidigh na daoine ainmnithe sin leis na bearta um chomhéigean eacnamaíoch sin'* (Airteagal 8(1)(b)).

ii) An comhbheartas tráchtála

16. Tá an Togra ón gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE lena bhforáiltear go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialacháin i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta ina sainítear an creat chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme.
17. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 207(1), ar cuid de Theideal II de Chuid a Cúig de CFAE é: *[f]othófar an comhbheartas tráchtála ar phrionsabail aonfhoirmeacha, go háirithe maidir le hathruithe ar rátaí taraife, le comhaontuithe taraife agus trádála a bhaineann le trádáil in earraí agus i seirbhísí a thabhairt i gcrích, agus gnéithe tráchtála na maoine intleachtúla, le hinfheistíocht dhíreach choigríche, le haonfhoirmeachas a ghnóthú i mbearta léirscaoilte, le beartas onnmhairiúcháin agus le bearta chun trádáil a chosaint amhail bearta a ghlacfar i gcás dumpála nó fóirdheontas. Seolfar an comhbheartas tráchtála faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.*

18. Níl an comhbheartas tráchtála teoranta do bheartas a cheaptar chun trádáil a éascú (a léirscaoileadh nó a chur chun cinn) le tríú Stáit ach d'fhéadfadh bearta lena rialaítear srianta trádála a bheith i gceist leis⁹. Agus trádáil á rialáil, níl an comhbheartas tráchtála teoranta do bhearta lena saothraítear cuspóirí ar cuspóirí tráchtála go hiomlán iad: a mhalairt, féadfar cuspóirí níos leithne ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chur san áireamh leis¹⁰.
19. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) CAE, '*[u]rramóidh an tAontas na prionsabail atá leagtha amach i mír 1 agus mír 2 agus saothróidh sé na cuspóirí atá leagtha amach iontu, nuair a bheidh na réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a thagann faoi réim an Teidil seo agus faoi réim Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus gnéithe seachtracha a bheartas eile á bhforbairt agus á gcur chun feidhme*'. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann an comhbheartas tráchtála le ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus dá bhrí sin, go mbaineann sé le trádáil le tríú Stáit¹¹.
20. Is cásdlí socair é freisin nach leor é go bhfuil an baol ann go mbeidh impleachtaí ag gníomh de chuid an Aontais do thrádáil le tríú Stát amháin nó níos mó chun a bhaint de thátal nach mór an gníomh a aicmiú mar ghníomh a thagann faoin gcomhbheartas tráchtála. Seachas sin, tagann '*gníomh ón Aontas faoin gcomhbheartas tráchtála má bhaineann sé go sonrach le trádáil den sórt sin sa mhéid agus gurb aidhm dó trádáil den sórt sin a chur chun cinn, a éascú nó a rialú agus go bhfuil tionchar díreach agus láithreach aige air*'¹² (béim curtha leis).

⁹ Mar a dúirt an Chúirt Bhreithiúnas: '*a ban on the export of illicit devices to the European Union concerns the defence of the European Union's global interests and falls, by its very nature, within the ambit of the common commercial policy,*' [baineann toirmeasc ar onnmhairiú feistí aindleathacha chuig an Aontas Eorpach le cosaint leasanna domhanda an Aontais Eorpaigh agus tagann sé, de bharr a chineáil, faoi raon an chomhbheartais tráchtála] (*breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2013, An Coimisiún v An Chomhairle*, C-137/12, AE:C:2013:675, mír 69 agus an cásdlí a luaitear ann). Féach freisin an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 31 Márta 2017, 7885/17, mír 13 agus an cásdlí dá dtagraítear san fhonóta céanna.

¹⁰ Ibid, míreanna 14 agus 15. Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle, an 23 Márta 2018, 7334/1/18/REV 1, míreanna 20 agus 21.

¹¹ Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, *Tuairim 2/15 (Comhaontú Saorthrádála le Singeapór)*, AE:C:2017:376, mír 35.

¹² Ibid, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear ann, go háirithe breithiúnas an 18 Iúil 2013, *Daiichi Sankyo and Sanofi-Aventis Deutschland*, C-414/11, AE:C:2013:520, mír 50 agus 52. Féach freisin C-137/12, ibid., mír 58; Tuairim 2/15, ibid, mír 37, Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Feabhra 2017, *Tuairim 3/15 (Conradh Marrakesh)*, AE:C:2017:114, mír 61.

21. Comhfhreagraíonn na cuspóirí a luaitear san ionstraim atá beartaithe, i.e. luachanna, bunleasanna, slándáil, neamhspleáchas agus iomláine an Aontais a choimirciú, chomh maith leis an smacht reachta agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo, do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21(2)(a) agus (b) CAE a bhfuil oibleagáid ar an Aontas iad a shaothrú i gcomhthéacs a ghníomhaíochta seachtraí, lena n-áirítear, dá bhrí sin, faoi chuimsiú an chomhbheartais tráchtála¹³.

Ní mór a chinneadh, áfach, cibé acu ar ceapadh an ionstraim atá beartaithe chun trádáil a chur chun cinn, a éascú nó a rialú agus an bhfuil éifeachtaí díreacha láithreacha aici ar thrádáil, i gcomhréir leis an gcaighdeán a leag an Chúirt síos ina cásdlí thuasluaite (féach mír 20 thuas).

iii) *Scrúdú ar bhearta áirithe atá beartaithe vis-à-vis an comhbheartas tráchtála*

22. Foráiltear go sainráite in Airteagal 207(1) CFAE d'fhormhór na mbearta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra¹⁴ nó is léir go dtagann siad faoin gcomhbheartas tráchtála¹⁵. Fiú más féidir a shuí go dtagann an méid a ndírítear air go príomha ó thaobh ábhar rialála an Togra de faoin gcomhbheartas tráchtála, éilítear i dtrí chatagóir de na bearta atá beartaithe, i dtuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle, go ndéanfaí scrúdú breise sula bhféadfar a shuí an féidir iad a bheith mar chuid den chreat atá beartaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 207(2) CFAE.

¹³ Tacaítear leis na cuspóirí sin in Airteagal 3(5) CAE ar dá réir *‘ina chaidreamh leis an domhan mór, déanfaidh an tAontas a chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus rannchuideoidh sé le cosaint a shaoránach. Rannchuideoidh sé leis (...) an tsaothrádail chóir, (...) leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt (...)’*.

¹⁴ Baineann an méid sin leis na bearta a leagtar amach faoi a), b), c), e), f), g), agus i).

¹⁵ Baineann an méid sin leis na bearta a leagtar amach faoi d), j) agus k). Maidir le rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí an Aontais le haghaidh earraí agus seirbhísí tríú tír, féach an Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 6 Nollaig 2012, 17407/12. Maidir le srianta ar chlárúcháin agus ar údaruithe faoin reachtaíocht cheimiceach nó faoin reachtaíocht shláintíochta agus fhíteashláintíochta ina bhfuil bearta a bhaineann le rochtain ar an margadh, féach Tuairim 2/15, *ibid*, mír 44.

23. Is iad na trí chatagóir beart sin: ar an gcéad dul síos, neamhchomhlíonadh¹⁶ oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme i ndáil le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil agus srianta a fhorchur ar chosaint na gceart maoine intleachtúla sin nó ar shaothrú tráchtála na gceart maoine intleachtúla sin, i ndáil le sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh iad den tríú tír lena mbaineann (pointe h); ar an dara dul síos, neamhchomhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme agus srianta ar rochtain ar chláir thaighde atá cistithe ag an Aontas nó eisiamh uathu a fhorchur (pointe l); agus ar an tríú dul síos, bearta lena n-ainmnítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann agus na daoine sin a ‘*bhí ina gcúis leis an gcomhéigean eacnamaíoch nó a bhí páirteach ann nó bainteach leis*’ (Airteagal 8), lena n-áirítear an ceart atá ag oibreoirí an Aontais a ndéanann na bearta tríú tír difear dóibh damáistí a éileamh ó dhaoine ainmnithe.
24. Ar an gcéad dul síos, maidir le bearta i ndáil le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil¹⁷, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa tuairim uaithi maidir leis an gcomhaontú idir an tAontas agus Singeapór, go gcuireann ‘*caighdeáin cosanta maoine intleachtúla ina bhfeictear aonchineálacht idir oibreoirí an Aontais agus oibreoirí tríú tír lena mbaineann le rannpháirtíocht* [fiontraíthe an Aontais agus fiontraíthe tríú tír lena mbaineann] *ar chomhsheasamh i saothrádail in earraí agus i seirbhísí*’¹⁸ agus bhain sí de tháth gur ‘*i bhfianaise an róil rithábhachtaigh (...) a imríonn cosaint chearta maoine intleachtúla i dtrádáil earraí agus seirbhísí go ginearálta, agus i gcomhrac na trádála neamhdhleathaí go háirithe, tá forálacha Chaibidil 11 den chomhaontú beartaithe de chineál a fhágann go mbeadh tionchar díreach láithreach acu ar thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór*’¹⁹ (aistriúchán neamhoifigiúil).

¹⁶ Tagraíonn an Iarscríbhinn do ‘*oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí*’, nach téarma ceart é agus, i gcás ar bith, nárbh fhéidir a chinneadh de bhun an nós imeachta atá beartaithe. Ní féidir comhaontú idirnáisiúnta, nó codanna de, idir an tAontas agus tríú tír a chur ar fionraí ach amháin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE nó de bhun nós imeachta a comhaontaíodh i gcomhréir le hAirteagal 218(7) CFAE.

¹⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil raon feidhme níos leithne ag na bearta a mholtar faoin mír ná bearta faoi Airteagal 5(a)(bb) de Rialachán (AE) 2015/1843 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d’fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015), atá teoranta do chearta maoine intleachtúla arna ndeontú ag institiúid nó gníomhaireacht de chuid an Aontais atá baili ar fud an Aontais.

¹⁸ *Tuairim 2/15*, míreanna 122 agus 123.

¹⁹ *Ibid.*, mír 127.

25. Is sampla iad forálacha ábhartha an chomhaontaithe thuasluaite de na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a d'fhéadfadh an tAontas a chinneadh, de bhun an Togra, gan feidhmiú mar fhrithbheart, má dhiúltaíonn an tír lena mbaineann staonadh ón gcomhéigean eacnamaíoch. Dá bhrí sin, bheadh éifeachtaí díreacha láithreacha ag bearta den sórt sin – i bprionsabal – ar thrádáil idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann, mar a leagtar amach sa chásdlí thuasluaite (féach mír 20), sa mhéid is go n-oibreodh siad ‘*i gcomhthéacs léirscaoileadh trádála sa chiall gur cuid dhílis de chóras EDT iad*’ (aistriúchán neamhoifigiúil), cé go mbeadh sé ar intinn acu srian a chur ar thrádáil seachas í a éascú²⁰.
26. Ní féidir feidhm a bheith ag an gconclúid sin, áfach, maidir le bearta ar neamhchomhlíonadh iad ar oibleagáidí maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint nó maidir le saothrú tráchtála na gcearta maoine intleachtúla sin i gcomhthéacs comhaontú nach mbaineann le trádáil, amhail mar shampla Conradh Marrakech lena n-éascaítear rochtain ar shaothair fhoilsithe do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile²¹. Dá gcuirfí na hoibleagáidí faoi chomhaontuithe nach mbaineann le trádáil ar fionraí, ‘*thiocfadh leathnú iomarcach sa réimse atá cumhdaithe ag an gcomhbheartas tráchtála trí rialacha a thabhairt isteach faoin mbeartas sin nach bhfuil aon nasc sonrach acu leis an trádáil idirnáisiúnta*’ (aistriúchán neamhoifigiúil)²².

²⁰ Féach *Tuairim 3/15, ibid.*, mír 79.

²¹ A ghlac an Eagraíocht Dhomhanda um Maoine Intleachtúil (EDMI) an 27 Meitheamh 2013 agus ar chinn an Chúirt ina leith in *Tuairim 3/15* uaithi nár tháinig sí faoin gcomhbheartas tráchtála.

²² *Tuairim 3/15, ibid.*, mír 85. Ar an bhforas sin, dhiúltaigh an Chúirt d'éileamh an Choimisiúin nach n-eisiatar ach cearta morálta ó choincheap ghnéithe tráchtála na maoine intleachtúla.

27. Ina theannta sin, trí shrianta uathrialacha a fhorchur ar chosaint ceart maoine intleachtúla, nó ar shaothrú eacnamaíoch na gceart sin i ndáil le sealbhóirí cirt an tríú tír lena mbaineann atá ann cheana, ardaítear an cheist go bhféadfadh coinbhleacht a bheith ann leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Ós rud é go bhfuil srianta teoranta do ghnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, ciallaíonn sé sin go gcuirfear cosc nó teorainn le cumas an tsealbhóra cirt sochair ábhartha a dhíorthú ón ábhar cosanta trí chosaint a tharraingt siar. Ní féidir cur isteach ón Aontas ar na cearta maoine intleachtúla, a chosnaítear mar chuid den cheart bunúsach chun maoine (Airteagal 17(1) den Chairt agus na rialacha idirnáisiúnta coibhéiseacha²³), a eisiamh.

Dá bhrí sin, beidh gá le scrúdú cúramach ar leibhéal an ghnímh cur chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil an srian a bhaineann leis na sealbhóirí cirt atá ann cheana teoranta d'fheidhmiú na gceart, go n-urramaíonn sé bunbhí na gceart sin agus go n-urramaíonn sé prionsabal na comhréireachta, sa mhéid is go bhfuil sé riachtanach agus go gcomhlíonann sé cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas (Airteagal 52(1) den Chairt).

28. Faoi réir na mbreithnithe thuas, ar cheart a shoiléiriú go hiomchuí sa chuid oibríochtúil den Togra mar chuid de na heilimintí riachtanacha ar cheart dóibh feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a chumadh agus a threorú, is féidir bearta dá dtagraítear i bpointe (h) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra a ghlacadh ar bhonn Airteagal 207(2) CFAE.

²³ Féach freisin Airteagal 27 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine chomh maith le hAirteagal 15(1)(c) den Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.

29. Ar an dara dul síos, maidir le bearta a bhaineann le rochtain ar chláir thaighde atá cistithe ag an Aontas, meabhraíonn Seirbhís Dlí na Comhairle gurb ionann rialacha lena rialaítear cláir thaighde an Aontais agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais faoi na gConarthaí i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche, nach mór, de bhun Airteagal 179(3) CFAE, cinneadh a dhéanamh ina leith agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le forálacha Theideal XIX CFAE²⁴.

D'fhéadfaí a áireamh leis sin rialacha maidir le srianta ar rochtain tríú tíortha nó eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nó atá á rialú ag eintitis tríú tíortha ar chláir thaighde an Aontais nó rialacha maidir le heisiamh ó na cláir sin²⁵. Sonraítear in Airteagal 186 CFAE freisin go bhféadfaidh an tAontas, agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme aige, *'foráil do chomhar maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh Aontais le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta'* agus go bhféadfaidh *'rialacha mionsonraithe an chomhair sin a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an tAontas agus na tríú páirtithe i dtrácht'*.

²⁴ Is iad Airteagal 173(3), Airteagal 182(1), Airteagal 183, agus an dara mír d'Airteagal 188 CFAE atá mar bhunús dlí ag Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1) (Rialachán maidir le Fís Eorpach).

²⁵ Mar shampla, foráiltear le hAirteagal 22(5) den Rialachán maidir le Fís Eorpach, an clár réime taighde faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha, *'I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre gur féidir an rannpháirtíocht a bheith teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sna Ballstáit amháin nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe nó i dtríú tíortha eile maille leis na Ballstáit. Aon teorannú a dhéanfar ar rannpháirtíocht na n-eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe ar comhaltaí de LEE iad, is i gcomhréir le téarmaí agus le coinníollacha Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheidh sé. Leis an gclár oibre, ar chúiseanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, chun cosaint ar leasanna straitéiseacha an Aontais agus na mBallstát a ráthú, féadfar rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe a theorannú arna rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlíthiúla de chuid thríú tíortha neamhchomhlachaithe a eisiamh ó ghlaonna ar thograí aonair freisin, nó féadfar a rannpháirtíocht a chur faoi réir coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre'*.

Ní thugtar míniú sa Togra ar an gcaoi a bhféadfadh baint a bheith ag an mbeart seo le trádáil agus ar an mbonn ar cuireadh san áireamh é i sraith na mbearta a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní thugtar tuilleadh sonraí ach oiread ar na cláir thaighde lena mbaineann atá ann cheana.

30. Dealraíonn sé nach bhféadfaí neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a ghabh an tAontas air féin i réimse an taighde, ná forchur srian uathrialaitheach ar rochtain ar chlár thaighde an Aontais a mheas mar ní a bhaineann go sonrach le trádáil idirnáisiúnta, fiú má dhéantar é i gcomhthéacs an chaidrimh trádála leis an tríú tír atá i dtrácht.

Cé go bhféadfadh sé go gcuirfeadh bearta den sórt sin iallach ar an tríú tír deireadh a chur lena bearta comhéigneacha a bhaineann le trádáil, agus, dá bhrí sin, trádáil a athbhunú, ní bheadh éifeachtaí díreacha láithreacha ag bearta den sórt sin ar thrádáil, mar a leagtar amach sa chásdlí thuasluaite (féach mír 20), ach éifeachtaí indíreacha amach anseo. Thairis sin, chun glacadh le bearta den sórt sin mar bhearta a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, d'fhéadfaí a mheas go dtiocfadh *'leathnú iomarcach sa réimse atá cumhdaithe ag an gcomhbheartas tráchtála trí rialacha a thabhairt isteach faoin mbeartas sin nach bhfuil aon nasc sonrach acu leis an trádáil idirnáisiúnta'* (aistriúchán neamhoifigiúil)²⁶ agus bheadh an baol ann leis go mbainfí an éifeacht úsáideach d'fhorálacha ábhartha an Chonartha maidir le hinniúlachtaí eile de chuid an Aontais (i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche, sa chás seo)²⁷.

31. Dá bhrí sin, ní féidir bearta dá dtagraítear i bpointe I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra a ghlacadh ar bhonn Airteagal 207(2) CFAE agus ba cheart an pointe seo a bhaint de.
32. Ag an am céanna, d'fhéadfadh an tAontas bearta amhail na bearta a mholtar in Iarscríbhinn I(l) a achtú de bhun na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme lena rialaítear rannpháirtíocht i gcláir thaighde an Aontais.

²⁶ *Tuairim 3/15, ibid.*, mír 85.

²⁷ Féach freisin Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Nollaig 2001, *Tuairim 2/00 (Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht)*, EU:C:2001:664, mír 40, áit ar léir nach bhfuil tosaíocht ag an gcomhbheartas tráchtála ar réimsí eile d'inniúlacht an Aontais.

Tagraítear cheana féin in Airteagal 7(1) den Togra do chreataí eile a d'fhéadfadh a bheith ann faoina bhféadfaí bearta freagartha a dhéanamh²⁸. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha freisin maidir le rannpháirtíocht sna cláir taighde a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh²⁹ nó maidir le comhar déthaobhach le tríú tíortha i réimse an taighde a chur ar fionraí. D'fhéadfaí na cineálacha éagsúla beart freagartha is féidir a dhéanamh ar bhonn fhorálacha ábhartha chreat dlíthiúil reatha an Aontais i réimse an taighde a léiriú sna haithrisí.

²⁸ Ní thugtar míniú sa Togra ar an gcineál gníomhaíochta atá beartaithe ag an gCoimisiún faoin bhforáil seo. Leanann sé, áfach, ón Teachtairacht uaidh maidir le bearta laistigh de chumhachtaí an Choimisiúin a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh nuair a chinneann sé, de bhun an Rialacháin atá beartaithe, go ndéanfaidh an tAontas bearta freagartha le cur in aghaidh beart comhéigean eacnamaíoch tríú tír (COM(2021) 774 final) go ndéanfaidh sé a mhachnamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas: gan páirt a ghlacadh i ngealltanais airgeadais nua de chuid an Aontais maidir le cláir nó cistí faoi théarmaí nós imeachta an chuir chun feidhme bhuiséadaigh ábhartha; cur i gcoinne oibríochtaí nua maoiniúcháin, a mhéid atá incheadaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú idir an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht air, agus eintiteas a bhfuil sé de chúram air clár a bhainistiú go hindíreach; staonadh ó chúnamh macra-airgeadais nua a mholadh don tríú tír lena mbaineann de bhun Airteagail 209, 212 agus 213 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus eisíocaíochtaí in oibríochtaí reatha a chur ar fionraí nó a chealú i gcomhréir leis na comhaontuithe infheidhme; aon ranníocaíocht nó aon chomhaontú ráthaíochta idir an Coimisiún thar ceann an Aontais agus eintitis ar cuireadh cúram orthu a bhaineann le tríú tír lena mbaineann nó le duine ainmnithe a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh; aon bhearta iomchuí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda 2 nó faoi Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) nó a n-ionstraimí comharba a chur ar fionraí. Breithníonn sé freisin na bearta seo a leanas maidir le maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta nó ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha: tuairimí neamhfhabhracha a ghlacadh maidir le hiarratais ar mhaoiniú chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta; moladh a thabhairt do Stiúrthóir an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas vótáil i gcoinne cistiú a fhormheas.

²⁹ Mar shampla, an 3 Márta 2022, dhearbhaigh an Coimisiún gur chinn sé, tar éis fhogha míleata na Rúise, ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais a chur ar fionraí do cheithre thionscadal faoin gclár Fís Eorpach a bhaineann le cúig eagraíocht taighde Rúiseacha. Cuireadh siar síniú aon chonarthaí nua go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Chinn sé freisin aon íocaíocht le heintitis Rúiseacha faoi chonarthaí atá ann cheana a chur ar fionraí. [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/STATEMENT_22_1528]

33. Ar an tríú dul síos, maidir le hAirteagal 8 den Togra, lena bhforáiltear go bhféadfaí bearta iarratais aonair a ghlacadh agus lena gcruthaítear ceart chun damaíستی a éileamh, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar dtús ar na hábhair inní a chuir roinnt toscaireachtaí in iúl a mhéid a bhaineann leis an bhforluí a d'fhéadfadh a bheith ann le bearta sriantacha arna nglacadh agus a chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) á chur chun feidhme ag an Aontas.
34. Ós rud é go bhfuil forálacha áirithe cosúil le rialacha a cheadaítear don Aontas a ghlacadh agus a CBES á chur chun feidhme aige, ní chuirtear cosc leis bearta comhchosúla a ghlacadh agus beartas eile de chuid an Aontais á chur chun feidhme, ar choinníoll go n-urramaíonn glacadh na mbeart sin teorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha don Aontas sa réimse beartais sin agus go n-urramaíonn sé an clásal 'neamh-éifeachta', mar a thugtar air, i.e. nach ndéanann sé difear *'do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí a leagtar síos sna Conarthaí chun na hinniúlachtaí Aontais faoi Chaibidil 2 de Theideal V CAE a fheidhmiú'*, i.e. faoi CBES (Airteagal 40(2) CAE).

35. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go sainráite, ag féachaint do théarmaí Airteagal 29 CAE³⁰ agus d'fhorálacha sonracha eile a bhaineann le CBES, go bhfuil sé de chumhacht ag an gComhairle cinntí a ghlacadh *'a d'fhéadfadh difear díreach a dhéanamh do sheasamh daoine aonair'*. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Chinn an Chúirt Bhreithiúnais: *'is féidir léiriú leathan a thabhairt ar an gcoincheap 'cur chuige an Aontais' (...), ionas (...) go bhféadfar, ní hamháin gníomhaíochtaí clár nó dearbhuithe intinne gan éifeacht, ach, go háirithe, cinntí lena bhforáiltear do bhearta lena bhféadfaí difear díreach a dhéanamh do sheasamh dlíthiúil daoine aonair chomh maith, a ghlacadh ar bhonn Airteagal 29 CAE.*[Aistriúchán neamhoifigiúil] *Ina theannta sin, dearbhaítear é sin le foclaíocht an dara mír d'Airteagal 275 CFAE'* [Aistriúchán neamhoifigiúil]³¹³².

Déantar tagairt in Airteagal 275 CFAE don athbheithniú ar dhlíthiúlacht *'na gcinntí lena bhforáiltear do bhearta sriantacha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, arna nglacadh ag an gComhairle ar bhonn Chaibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach'*.

36. Is léir nach leanann lánrogha chomh leathan sin as foclaíocht Airteagal 206 agus Airteagal 207 CFAE. Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh féachaint an léirítear leis na bearta a leagtar amach in Airteagal 8 den Togra an nasc sonracha is gá leis an trádáil idirnáisiúnta, mar a leagtar amach i gcásdlí na Cúirte (féach mír 20 thuas), agus dá bhrí sin, an bhféadfaí iad a ghlacadh faoin mbunús dlí atá beartaithe.

³⁰ De réir Airteagal 29 CAE *'Glacfaidh an Chomhairle cinntí lena saineofar cur chuige an Aontais faoi ábhar áirithe de chineál geografach nó téamúil'*.

³¹ Breithiúnas an 27 Feabhra 2017, *Ahmed Ezz v an Chomhairle agus an Coimisiún*, T-256/11 AE:T:2014:93, mír 24, dearbhaithe ar achomharc C-220/14 P, AE:C:2015:147.

³² Féach chomh maith Breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, AE:C:2017:236, mír 88: *'Is léir ó Airteagail 24 agus 29 CAE, mar riail ghinearálta, go n-iarrtar ar an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na daoine agus na heintitis a bheidh faoi réir na mbeart sriantach a ghlacfaidh an tAontas i réimse CBES a chinneadh.* [Aistriúchán neamhoifigiúil] *Agus raon feidhme leathan aidhmeanna agus chuspóirí CBES, mar a leagtar amach in Airteagal 3(5) CAE agus in Airteagal 21 CAE agus sna forálacha sonracha a bhaineann le CBES, go háirithe, in Airteagail 23 agus 24 CAE, á gcur san áireamh, tá lánrogha leathan ag an gComhairle na daoine agus na heintitis sin a chinneadh'*. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

37. Foirmlíú na gcritéar le haghaidh ainmniú in Airteagal 8 den Togra, ina dtagraítear do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá *‘bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann’*, tá sé neamhiata agus an-leathan. Faoi chritéar den sórt sin, d’fhéadfaí aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ainmniú, lena n-áirítear daoine nach bhfuil i mbun trádála idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann nó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch shonrach maidir leis an ábhar sin, mar shampla oifigigh rialtais nó airí. Maidir leis an nasc le trádáil beart lena n-ainmnítear duine nádúrtha nó dlítheanach atá i riocht tionchar a imirt agus a d’fhéadfadh, dá bhrí sin, go teoiriciúil, trí thionchar den sórt sin a fheidhmiú, deireadh a chur le bearta comhéigin eacnamaíoch ag an tríú tír lena mbaineann, tá an nasc sin róchaol, dar le Seirbhís Dlí na Comhairle, chun an caighdeán riachtanach a chomhlíonadh i ndáil le nasc sonrach le trádáil arna bhunú ag an gCúirt. Cé gur féidir a mhaíomh go mbeadh sé i gceist le beart den sórt sin trádáil a chur chun cinn, a éascú nó a rialú, is cosúil go bhfuil sé beagnach dodhéanta teacht ar an tátal go mbeadh *‘éifeachtaí díreacha láithreacha ag beart den sórt sin ar thrádáil’* idir an tAontas agus an tríú tír atá i gceist mar a cheanglaítear leis an gcásdlí (féach mír 20 thuas). Ar a mhéad, ní bheadh na héifeachtaí indéanta ach amháin, ar choinníoll go n-éireodh leis an tionchar ar rialtas an tríú tír, agus, dá bhrí sin, tionchar indéach agus i bhfad i gcéin a bheith ann³³.

³³ D’fhéadfaí na daoine sin a ainmniú, áfach, agus na cuspóirí céanna á saothrú acu, mar chuid de CBES, ar bhonn gníomhartha a glacadh faoi Airteagal 29 CAE agus faoi Airteagal 215 CFAE.

38. Bheadh cás difriúil i gceist dá mbeadh bearta arna nglacadh i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha atá nasctha leis an rialtas, i.e. daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eintitis atá i mbun gníomhaíochtaí trádála nó tráchtála idirnáisiúnta. Sna cásanna sin, dealraíonn sé go bhféadfaí a mhaíomh go gcuirfeadh na bearta trádála a leagtar amach in Iarscríbhinn I – a mhéid is féidir feidhm a bheith acu maidir le duine ainmnithe – srian ar rochtain ar mhargadh an Aontais, agus dá bhrí sin go mbeadh sé beartaithe leo trádáil a rialú (i.e. a shrianadh) agus go mbeadh éifeacht dhíreach láithreach acu uirthi sa mhéid is go gcuirfeadh na bearta sin bac ar an rochtain sin agus, dá bhrí sin, go laghdódh siad an trádáil leis an tír lena mbaineann.
39. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaí bearta lena n-ainmnítear oibreoirí eacnamaíocha atá bainteach le rialtas tríú tír nó atá nasctha le rialtas tríú tír a mheas mar bhearta a bhfuil tionchar díreach láithreach acu ar thrádáil, agus go bhféadfaí iad a ghlacadh faoi Airteagal 207(2) CFAE, ní féidir é sin a dhéanamh i gcás na mbeart lena n-ainmnítear aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bainteach le rialtas tríú tír nó atá nasctha le rialtas tríú tír. Má táthar chun an t-ainmniú sin a choinneáil ar bun, ní mór na critéir maidir le comhlíonadh ceanglais ar leith leis an trádáil idirnáisiúnta a shonrú, agus na catagóirí daoine agus na critéir faoina bhféadfaí iad a ainmniú a shoiléiriú sa chuid oibríochtúil den Togra féin, mar chuid de na heilimintí riachtanacha lenar cheart feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a chumadh agus a threorú, seachas sa ghníomh cur chun feidhme amháin mar a bheartaítear sa Togra³⁴.

³⁴ Fágтар in Airteagal 8(3) den Togra lánrogha nach beag ag an gCoimisiún agus ‘*na critéir ábhartha go léir*’ á scrúdú aige.

40. Maidir leis an bhforáil lena mbronntar an ceart chun cúiteamh a éileamh ó dhaoine ainmnithe a bhí *‘ina chúis leis an gcomhéigean eacnamaíoch nó go raibh sé páirteach sa chomhéigean eacnamaíoch nó bainteach leis’* (Airteagal 8(1)(b) den Togra), meabhraítear do Sheirbhís Dlí na Comhairle nár glacadh Rialachán Uimh. 2271/86 ón gComhairle an 22 Samhain 1996 (an Reacht Blocála)³⁵ ina bhfuil teidlíocht chomhchosúil faoi dhlí an Aontais, nár glacadh ar bhonn dlí trádála amháin é (Airteagal 113 CCE, ar a dtugtar Airteagal 207 CFAE anois), ach ar bhonn Airteagail 73c agus 235 CCE (ar a dtugtar Airteagail 64 agus 352 CFAE anois) chomh maith³⁶. Ag an am sin, bhí sé mar chonclúid ag Seirbhís Dlí na Comhairle gur le hAirteagal 235 CCE a ceadaíodh glacadh na mbearta a leagtar amach in Airteagail 4, 5 agus 6 den Reacht Blocála³⁷.
41. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, i ndáil le hAirteagail 5 agus 6 de Roinn III, ‘Smachtbhannaí agus leigheasanna’, den Choinbhinsiún Eorpach maidir le cosaint dhlíthiúil seirbhísí atá bunaithe ar rochtain choinníollach, nó atá comhdhéanta de rochtain choinníollach, a bhaineann le bearta urghabhála agus coigistíochta, go bhfuil na forálacha sin *‘dirithe go ginearálta chun cosaint dhlíthiúil éifeachtach a áirithiú le haghaidh seirbhísí rochtana coinníollaí’* agus go gcabhraíonn siad le príomhchuspóir an chinnidh atá á chonspóid a bhaint amach agus, dá bhrí sin, gur féidir leo a bheith mar chuid den chomhaontú lena saothraítear cuspóir go príomha a bhfuil baint shonrach aige leis an gcomhbheartas tráchtála³⁸. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

³⁵ Rialachán Uimh. 2271/86 ón gComhairle an 22 Samhain 1996 lena gcosnaítear i gcoinne éifeachtaí cur i bhfeidhm seach-chríochach reachtaíochta arna glacadh ag tríú tír, agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar an Rialachán sin nó a eascraíonn as, IO L 309, 29.11.1996, lch. 1. De réir Airteagal 6 sa Togra sin, *‘[b]eidh aon duine dá dtagraítear in Airteagal 11 atá i mbun aon ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 i dteideal cúiteamh a fháil as damáiste don duine sin, lena n-áirítear costais dlí, a thagann as cur i bhfeidhm na ndlíthe a shonraítear in Iarscríbhinn I nó as gníomhaíochtaí atá bunaithe orthu nó a eascraíonn astu’*.

³⁶ Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 21 Deireadh Fómhair 1996, 10845/96. Féach freisin Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 24 Deireadh Fómhair 2001, 13173/01, mír 7.

³⁷ In 1992, is é sin, sular cuireadh Airteagail 301 agus 60 isteach in CCE, glacadh chomh maith Rialachán (CEE) Uimh. 3541/92 lena dtoirmisctear éilimh ón Iaráic a shásamh i ndáil le conarthaí agus idirbhearta, a raibh tionchar ag bearta arna ndéanamh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe de bhun Rún 661 (1990) agus rúin ghaolmhara (IO L361, 10.12.1992, lch. 1) ar a bhfeidhmíocht, ar bhonn shean-Airteagal 235 (agus ní ar Airteagal 113 CCE amháin). Mar sin féin, glacadh Rialachán (CEE) Uimh. 2340/90 (IO L213, 9.8.1990) agus Uimh. 3155/90 (IO L304, 1.11.1990), lenar ghlac an Comhphobal bearta chun trádáil idir an Comhphobal agus an Iaráic a chosc ar bhonn bunús dlí trádála amháin (Airteagal 113 CEE ag an am).

³⁸ Breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C- -137/12, AE:C:2013:675, míreanna 70, 71 agus 76.

42. Dá bhrí sin, a mhéid atá sé beartaithe leis an mbeart seo cosaint dlí éifeachtach a éascú d'oibreoirí an Aontais a ndéanann bearta comhéigin eacnamaíoch an tríú tír difear dóibh, cuidíonn sé le cuspóir na hionstraime a bhaint amach, i.e. an comhrac i gcoinne comhéigean eacnamaíoch ag tríú Stáit. Is féidir í a ghlacadh, dá bhrí sin, ar bhonn Airteagal 207(2) CFAE.
43. Ar deireadh, is cosúil go bhfuil sé tábhachtach a mheabhrú, i gcomhréir leis an ngá atá leis an gclásal neamh-éifeachta (Airteagal 40(2) CAE), nár cheart go ndéanadh feidhmiú na gcumhachtaí i réimse an chomhbheartais tráchtála difear d'fheidhmiú féideartha inniúlachtaí an Aontais i réimse CBES, agus saothrú na guspóirí céanna nó glacadh beart comhchosúil san áireamh. Ba cheart, dá bhrí sin, a shoiléiriú i dtéacs an Togra go bhfuil an ionstraim seo gan dochar do chumhachtaí an Aontais faoi CBES.
44. Dá bhrí sin, dearbhaítear sa scrúdú ar aidhm agus ar ábhar an Togra a rinneadh thuas gur creat é an Togra chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme a mhéid a cheadaíonn sé freagairt ón Aontas ar bhearta comhéigin eacnamaíoch arna ndéanamh ag tríú tír a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht, trí bhearta a thagann faoin gcomhbheartas tráchtála. Tá feidhm aige sin maidir le gach beart a mholtar cé is moite díobh siúd a bhaineann le cláir thaighde an Aontais agus bearta lena gceadaítear daoine nach bhfuil i mbun trádála idirnáisiúnta a ainmniú.

B. GNÉITHE INSTITIÚIDEACHA

i) *Prionsabail*

45. Foráiltear in Airteagal 13(2) go ngníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na cuspóirí a leagtar amach iontu. Léirítear leis an bhforáil sin prionsabal na cothromaíochta institiúidí, atá ina shainghné de struchtúr institiúideach an Aontais Eorpaigh, prionsabal lena gceanglaítear go bhfeidhmeoidh gach institiúid a cumhachtaí agus aird chuí á tabhairt ar chumhachtaí na n-institiúidí eile.³⁹
46. Maidir le cumhachtaí na Comhairle, foráiltear sa dara habairt d’Airteagal 16(1) CAE go ndéanfaidh an Chomhairle feidhmeanna ceaptha beartas agus feidhmeanna comhordaitheacha mar a leagtar síos sna Conarthaí. Maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais go háirithe, foráiltear leis an tríú fomhír d’Airteagal 16(6) CAE go bhfuil an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhionsaothrú ar bhonn treoirlínte straitéiseacha arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach agus lena áirithiú go bhfuil gníomhaíocht an Aontais comhsheasmhach. Ina theannta sin, foráiltear sa chéad mhír d’Airteagal 26(2) go gcumfaidh an Chomhairle an comhbheartas eachtrach agus slándála, agus go nglacfaidh sí na cinntí is gá chun an comhbheartas sin a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhonn na dtreoirlínte ginearálta agus na línte straitéiseacha arna sainiú ag an gComhairle Eorpach.
47. Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin, sonraítear in Airteagal 17(1) CAE go bhfuil ar an gCoimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn agus tionscnaimh iomchuí a ghlacadh chuige sin, feidhmeanna comhordúcháin, feidhmiúcháin agus bainistíochta a fheidhmiú, mar a leagtar síos sna Conarthaí, agus ionadaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, ach amháin maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála agus cásanna eile dá bhforáiltear sna Conarthaí.

³⁹ Féach breithiúnas an 28 Iúil 2016, *an Chomhairle v an Coimisiún (Swiss MoU)*, C-660/13, AE:C:2016:616, míreanna 31-32 agus an cásdlí dá dtagraítear ann.

48. De réir an dara fomhír d’Airteagal 21(3) CAE, is ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, le cúnamh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, atá an oibleagáid ‘*comhchuibheas [a áirithiú] idir na réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach [an Aontais] agus idir na réimsí sin agus a chuid beartas eile*’ agus ní mór go ‘*gcomhoibreoidh siad chuige sin*’⁴⁰.
49. Thairis sin, suíodh leis an gcásdlí go dtagann tabhairt i gcrích ionstraimí neamhcheangailteacha le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chumhachtaí ceaptha beartas na Comhairle⁴¹, cé go dtagann tabhairt i gcrích comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chumhachtaí déanta conarthaí na Comhairle i gcomhréir le hAirteagail 207 agus 218 CFAE.

ii) Anailís

50. Faoin sásra atá beartaithe (Airteagal 4 den Togra, féach mír 11 thuas), bheadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún amháin, gan aon ról ag an gComhairle, a chinneadh an comhéigean eacnamaíoch atá i mbeart tríú tír. Bheadh roinnt iarmhairtí idirnáisiúnta, polaitiúla agus dlíthiúla araon, ag baint le cinneadh den sórt sin ón gCoimisiún.
51. Ar an gcéad dul síos, faoin Togra, spreagfadh cinneadh den sórt sin oibleagáid ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don tríú tír lena mbaineann, agus é ag iarraidh uirthi scor den chomhéigean eacnamaíoch, agus i gcás inarb iomchuí, an díobháil a bhain don Aontas nó dá Bhallstáit a dheisiú. Ar an dara dul síos, cheanglófaí ar an gCoimisiún plé leis an tríú tír lena mbaineann ar mhaithe ‘*le scor den chomhéigean eacnamaíoch a bhaint amach tríd an gceist a tharraingt anuas freisin in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha*’ agus ‘*dul i gcomhairle, i gcomhar agus i gcomhordú le haon tír eile, lena n-áirítear maidir le comhordú mar fhreagairt ar an gcomhéigean*’ (Airteagail 5 agus 6 den Togra, féach mír 12 thuas).

⁴⁰ Ina theannta sin, de réir an dara mír d’Airteagal 26(2) CAE, ‘*Áiritheoidh an Chomhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála aontacht, comhchuibheas agus éifeachtúlacht ghníomhaíocht an Aontais.*’

⁴¹ Cás C-660/13, *ibid*, míreanna 40-42. Socruithe idir Ard-Rúnaithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha, 15367/17.

Ar deireadh, d'fhéadfadh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le bearta freagartha a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh, mar rogha dheireanach, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin (simplí) (Airteagal 7 den togra, féach míreanna 13 go 15 thuas), arb é an nós imeachta é faoina bhféadfaidh an Coimisiún, i gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim ar bith, an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh mar sin féin⁴². De bhua Airteagal 10 atá beartaithe agus ina theannta sin, thabharfaí de chumhacht don Choimisiún, agus i gcásanna áirithe chuirfi d'oibleagáid air, na bearta a leasú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh.

52. Foráiltear leis an Togra nach gcuirfear tús le hoibleagáid an Choimisiúin Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha ach go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún gurb ann do chomhéigean eacnamaíoch agus tar éis dó dul i dteagmháil leis an tríú tír lena mbaineann (Airteagal 5(3)). Foráiltear freisin d'oibleagáid chomhchosúil i leith an dá institiúid maidir le measúnú a dhéanamh ar na bearta a rinneadh le linn an phróisis athbhreithnithe (Airteagal 10(1)).

Dá bhrí sin, foráiltear leis an Togra nach gcuirfear an Chomhairle ar an eolas ach ar bhonn *ex post* agus cuireann sé an Chomhairle ar comhchéim le Parlaimint na hEorpa. Maidir le rannpháirtíocht na mBallstát, ní fhoráiltear sa Togra do chur i bhfeidhm an nós imeachta coiste (an gnáthnós imeachta scrúdúcháin) ach amháin nuair a bheidh 'bearta freagartha an Aontais' (Airteagal 7 den Togra) á nglacadh ag an gCoimisiún.

⁴² Foráiltear freisin leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste (Rialachán Uimh. 182/2011, IO L 55, 28.2.2011, lch. 3) do nós imeachta níos déine, ar a dtugtar clásal 'gan tuairim', rud a fhágann nach bhféadfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh (féach pointe (b) d'Airteagal 5(4) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste).

53. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbaineann cinneadh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag tríú tír go dlúth le prionsabal na neamh-idirghabhála agus lena chur in iúl faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis⁴³.⁴⁴ De réir na Cúirte Breithiúnais, ‘*níl an leibhéal cruinnis céanna ag prionsabal dhlí idirnáisiúnta an ghnáis agus atá ag foráil de chomhaontú idirnáisiúnta*’ [aistriúchán neamhoifigiúil]⁴⁵. Níl le fáil go fóill sa dlí idirnáisiúnta sainmhíniú iomlán beacht ar cad is comhéigean ann agus, dá bhrí sin, ar cad is idirghabháil neamhúdairithe ann. Ina theannta sin, cé go meastar go bhfuil sé dlisteanach, faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis, frithbhearta den chineál sin a dhéanamh, is minic na ceanglais agus na nósanna imeachta aonair a bhaineann lena ndéanamh a bheith i ndíospóid agus nach soiléir iad.

Admhaítear an méid sin sa togra nuair a thagraítear, in aithris 5 don mhian ‘*go gcuirfidh an tAontas le creataí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt agus a shoiléiriú chun cásanna comhéigin eacnamaíoch a chosc agus a dhíothú*’. Déantar idirdhealú leis sin idir gníomhaíocht a dhéanfaidh an tAontas faoin gcreat atá beartaithe agus an ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs creat rialála iltaobhach mionsonraithe, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar shampla⁴⁶.

⁴³ Féach aithris 3 agus Airteagal 2(2) agus an tuarascáil ar an measúnú tionchair, ina dtagraítear, ar leathanach 8, don toirmeasc ar chineálacha áirithe cur isteach ar ghnóthaí ábhair eile dlí idirnáisiúnta nuair nach bhfuil aon bhonn sa dlí idirnáisiúnta lena dhéanamh agus ina luaitear dhá airteagal acadúla ina dtugtar tacaíocht dó sin.

⁴⁴ Leanfaidh freagairt an Aontais freisin, a mhéad is gá, rialacha an dlí idirnáisiúnta maidir leis an bhfreagracht a bhíonn ar stáit as a ngníomhartha éagóracha idirnáisiúnta, mar a ceapadh iad, trí chódú agus trí fhorbairt fhorchéimnitheach, sna dréachtairteagail ar fhreagracht stát as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta arna nglacadh ag an gCoimisiún Dlí Idirnáisiúnta ag an tríú seisiún is caoga dá chuid. *Yearbook of the International Law Commission, 2001, imleabhar II, Cuid a Dó*.

⁴⁵ Breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *United Airlines*, C-561/20, EU:C:2022:266, mír 51.

⁴⁶ Féach Rialachán (AE) 2015/1843 (IO L 272 16.10.2015, lch. 1) ina dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhú chun feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála. Rialachán (AE) 2015/1843, IO L 272, 16.10.2015, lch. 1.

54. Ar an dara dul síos, beidh tionchar ag cinneadh lena gcinntear an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag tríú tír ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann agus gurb é a bheidh ann gníomhaíocht ar leith de chuid an Aontais *‘ar an ardán idirnáisiúnta’* de réir bhrí Airteagal 21(1) CAE, i gcomhthéacs timpeallacht dhlíthiúil ar lú go mór a hintuathacht ná an timpeallacht a rialaítear le rialacha trádála idirnáisiúnta. Is tríd an gcinneadh sin féin a dhéanamh a chruthófar beartas iarbhrí an Aontais i leith tríú tír ar leith lena stiúrfar a ghníomhaíocht sheachtrach, agus beidh iarmhairtí dosheachanta aige sin ar chur chun feidhme CBES i leith na tíre sin.
55. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag tríú tír i réimse a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina leith, is léir an méid a leanas: *‘ní mór measúnú a dhéanamh ar leasanna an Aontais⁴⁷ (...) i gcomhthéacs a chaidrimh leis an tríú tír lena mbaineann, agus na leasanna éagsúla a thagann chun cinn sa chaidreamh sin atá le réiteach’* [aistriúchán neamhoifigiúil], chun focail na Cúirte ina cásdlí⁴⁸ a úsáid. Ba cheart don Chomhairle, faoin gcásdlí sin, measúnú den chineál sin a dhéanamh i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó sna Conarthaí maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.
56. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle a bheith rannpháirteach sa chinneadh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag an tríú tír lena mbaineann. D’fhéadfadh a leithéid de rannpháirtíocht a bheith i bhfoirmeacha éagsúla nó d’fhéadfadh leibhéil éagsúla rannpháirtíochta a bheith i gceist. Is faoin gComhairle atá sé an rogha is fearr léi a roghnú agus an Togra á phlé aici.

⁴⁷ Ní mór leasanna an Aontais chun na críche sin a idirdhealú ó choincheap leasanna an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 11 den Togra, ar leasanna iad, mar a mhínigh an Coimisiún, a bhaineann go bunúsach le leasanna eacnamaíocha sonracha agus lena dtugtar le tuiscint go gcuirfear san áireamh leasanna na ndaoine sin atá faoi réir bearta comhéigneacha tríú tír ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, leasanna na ndaoine sin dá bhféadfaí difear a dhéanamh leis na bearta freagartha a d’fhéadfadh an tAontas a dhéanamh.

⁴⁸ Féach mír 39 den bhreithiúnas *Swiss MoU*, Cás C-660/13.

57. Chun páirt a thabhairt don Chomhairle, don chéad dul síos, maidir lena chinneadh an bhfuil bearta comhéigin eacnamaíoch á ndéanamh ag tríú tír, d'fhéadfaí cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 291(2) CFAE . Foráiltear an méid a leanas san airteagal sin: *‘Nuair is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme, tabharfaidh na gníomhartha sin cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún, nó, i gcásanna sonracha cuí-réasúnaithe agus sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24 agus in Airteagal 26 de [CAE], don Chomhairle’* (is linne an béimchló).
58. Dá bhrí sin, ba cheart, in aithrisí an Togra, an réasúnú a thabhairt maidir le cumhachtaí cur chun feidhme den sórt sin a thabhairt don Chomhairle. Ós rud é go bhféadfaí na cumhachtaí cur chun feidhme sin a theorannú don chinneadh an ann do chomhéigean eacnamaíoch, chomhlíonfaí na ceanglais faoi Airteagal 291(2) CFAE go mbeadh an tabhairt cuí-réasúnaithe agus teoranta do chásanna sonracha. Ina theannta sin, toisc nach mór cumhachtaí na Comhairle maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a urramú, lena n-áirítear comhsheasmhacht a áirithiú, idir, mar shampla, bearta féideartha CBES agus bearta freagartha a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh faoin Togra, bheadh údar bailí na cumhachtaí cur chun feidhme sin a thabhairt don Chomhairle.
59. Agus í ag gníomhú ar bhonn cumhachtú a leagtar síos sa reachtaíocht thánaisteach, ní bhíonn an Chomhairle ag gníomhú ‘de bhun na gConarthaí’, agus dá bhrí sin, coinníonn an reachtóir corrlach mór lánroghnach maidir leis na módúlachtaí nós imeachta chun cumhacht cur chun feidhme na Comhairle a fheidhmiú. Chinn an Chúirt *‘go bhfuil sé ar chumas reachtas an Aontais a thabhairt go nglacfaí na forálacha lena gcuirtear na bunrialacháin chun feidhme i gcomhréir le nós imeachta atá éagsúil leis an nós imeachta arna leanúint agus an bunrialachán á ghlacadh’* [aistriúchán neamhoifigiúil]⁴⁹. Dá bhrí sin, agus mar a shoiléirigh Seirbhís Dlí na Comhairle cheana féin, d'fhéadfaí an nós imeachta is infheidhme a chur in oiriúint do na himthosca chun luas agus éifeachtacht a áirithiú, ar choinníoll nach mbainfeadh na socruithe an bonn de chothromaíocht na gcumhachtaí idir na hinstiúidí, ná nach modhnóidís roinnt na gcumhachtaí idir comhaltaí na n-instiúidí, ná nach ndéanfaidís difear dá sainchumais bhunúsacha⁵⁰.

⁴⁹ Féach breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Pholainn v an Chomhairle*, C-157/21, EU:C:2022:98, mír 307 agus an cásdlí dá dtagraítear ann. Féach freisin an Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 25 Deireadh Fómhair 2018, 13593/18, mír 49 agus cleachtas na gcomhreachtóirí a luaitear inti.

⁵⁰ Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 25 Deireadh Fómhair 2018, *ibid.*, mír 48.

60. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí, leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Chomhairle, foráil a dhéanamh go ngníomhódh an Chomhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún, a mbeadh bearta an tríú tír scrúdaithe aige i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe. Ina dhiaidh sin, ghlacfaidh an Chomhairle an gníomh cur chun feidhme trí thromlach cáilithe mar a leagtar amach in Airteagal 16(4) CAE. D'fhéadfaí foráil a dhéanamh freisin do thromlach cáilithe aisiompaithe, trína nglacfaí an gníomh cur chun feidhme arna mholadh ag an gCoimisiún mura vótálfadh tromlach cáilithe sa Chomhairle in aghaidh an ghlactha. D'fhéadfaí a shonrú freisin go bhféadfaidh an Chomhairle togra an Choimisiúin a mhodhnú trí thromlach cáilithe⁵¹. Murach sin, bheadh feidhm ag na gnáthrialacha faoi Airteagal 293(1) CFAE (is é sin go dteastódh aontoilíocht sa Chomhairle chun an togra ón gCoimisiún a mhodhnú i gcás ina gcuirfeadh an Chomhairle in aghaidh an mhodhnaithe sin).
61. Is bealach eile chun a áirithiú go mbeadh an Chomhairle rannpháirteach oibleagáid a chur ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an gComhairle, nó cuid den chinneadh a fhágáil uirthi, sula nglacfaidh sé a chinneadh. Thabharfaidh sé sin deis don Chomhairle a mheas an mbeadh sé chun leas an Aontais ag an am áirithe sin go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh sin, ag féachaint don chaidreamh foriomlán leis an tríú tír lena mbaineann. D'fhéadfadh oibleagáid a bheith ag gabháil leis an gcineál sin comhairliúcháin, is é sin oibleagáid ar an gCoimisiún lánaird a thabhairt ar na tuairimí a cuireadh in iúl laistigh den Chomhairle agus cúiseanna a thabhairt maidir le himeacht fhéideartha ó na tuairimí a chuir an Chomhairle in iúl.

⁵¹ Féach mar shampla Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint: *'Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo laistigh de mhí amháin tar éis di an togra ón gCoimisiún a fháil. I gcás ina n-eascróidh imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh nach mó ná 2 mhí a chur leis an tréimhse faoi nach mór an cinneadh cur chun feidhme sin a ghlacadh. D'fhonn cinneadh tráthúil a áirithiú, bainfidh an Coimisiún úsáid as na cearta atá aige faoi Airteagal 237 CFAE, i gcás ina measfaidh sé gurb íomchuí sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, togra an Choimisiúin a leasú agus an téacs leasaithe a ghlacadh trí bhithin cinneadh cur chun feidhme'*. Dearbhaíodh indéantacht dhlíthiúil an chur chuige sin in *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97 agus *an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-157/21, *ibid*.

Bheadh an cur chuige sin cosúil leis an gcur chuige a leanadh i gCinneadh 2021 ón gComhairle lena tugadh i gcrích an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina bhforáiltear le hAirteagal 3(2), sula ndéanfar bearta áirithe maidir le fionraí, feabhais, coimirce nó athchothromú i leith na Ríochta Aontaithe, *‘cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle go hiomlán ar an eolas go tráthúil go bhfuil sé ar intinn aige na bearta (...) a ghlacadh, d’fhonn go mbeidh malartú tuairimí fóinteach sa Chomhairle. Déanfaidh an Coimisiún na tuairimí a chuirtear in iúl a chur san áireamh go hiomlán. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí*⁵².

62. Ar deireadh, maidir le céimeanna breise a d’fhéadfaí a thabhairt tar éis fógra a thabhairt don tríú tír lena mbaineann, tá sé tábhachtach a mheabhrú, cé gur féidir, faoi shainchumais ionadaíochta seachtraí an Choimisiúin, dul i mbun plé leis an tríú tír lena mbaineann *‘chun roghanna a fhiosrú’*, nach bhféadfaidh an Coimisiún caibidlíocht a sheoladh leis an tríú tír lena mbaineann thar ceann an Aontais maidir le hionstraim ina bhfuil gealltanais, bíodh na ceanglais sin ceangailteach nó neamhcheangailteach, gan formheas na Comhairle a fháil⁵³. In aon chás, chun an t-ábhar a chur faoi bhreithniú nó eadráin idirnáisiúnta a bheadh ina cheangal ar na páirtithe agus dá bhrí sin ar an Aontas freisin, níor mhór i gcónaí comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích de bhun na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.
63. Dá réir sin, i bhfianaise an tionchair a bheadh ag cinneadh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag tríú tír ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais ina hiomláine agus i bhfianaise go dtiocfadh an ghníomhaíocht a bheadh á beartú ag an Aontas lasmuigh de chreat dlíthiúil idirnáisiúnta beacht cobhsaí, ba cheart don Chomhairle a bheith rannpháirteach sa chinneadh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag an tríú tír lena mbaineann. Ós rud é, sa togra, go dtugtar áit i gcoilár fhreagairt an Aontais chun an cinneadh sin a dhéanamh trí bhíthin gníomh dlíthiúil, molann Seirbhís Dlí na Comhairle cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun a chinneadh an ann do chomhéigean eacnamaíoch. De rogha air sin, d’fhéadfaí a bheartú gurbh éigean don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gComhairle roimh ré nó páirt a thabhairt don Chomhairle roimh ré, ar aon dul leis na meicníochtaí a bhí ann roimhe seo.

⁵² Féach Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

⁵³ Is dócha gur ghá, de ghnáth, na sonraíochtaí a bhaineann le réiteach féideartha díospóide a chomhaontú in ionstraim chomhpháirteach, bíodh sé sin de bhun shocruithe na hionstraime neamhcheangailtí, ibid., nó na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 218 CFAE.

III. CONCLUÍD

64. I bhfianaise an mhéid thuas, tá Seirbhís Dlí na Comhairle den tuairim:
- a) I bhfianaise a chuspóra agus a ábhair, tagann an Togra faoin gcomhbheartas tráchtála agus is féidir é a ghlacadh ar bhonn Airteagal 207(2) CFAE faoi réir na mbreithnithe seo a leanas.
 - b) Chun srianta uathrialacha a fhorchur ar chosaint ceart maoinne intleachtúla nó ar shaothrú tráchtála na gceart sin i ndáil le sealbhóirí ceart an tríú tír lena mbaineann, teastaíonn soiléiriú sa chuid oibríochtúil den ionstraim atá beartaithe, go háirithe maidir le cearta bunúsacha a chosaint, mar chuid de na gnéithe riachtanacha ar cheart dóibh feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a chumadh agus a threorú.
 - c) Maidir le bearta lena gceadaítear oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a neamhchomhlíonadh agus srianta a fhorchur ar rochtain ar chláir taighde arna gcistiú ag an Aontas nó eisiamh ó chláir thaighde arna gcistiú ag an Aontas, ní thagann bearta den chineál sin faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála agus ní féidir iad a ghlacadh faoi Airteagal 207(2) CFAE. Ba cheart gníomhaíocht sa réimse sin a dhéanamh laistigh den chreat dlíthiúil is infheidhme trína gcuirtear beartas taighde an Aontais chun feidhme.
 - d) Maidir le bearta lena gceadaítear oibreoirí eacnamaíocha a ainmniú atá ceangailte nó nasctha le rialtas tríú tír, tagann bearta den chineál sin faoi réimse an chomhbheartais tráchtála agus is féidir iad a ghlacadh faoi Airteagal 207(2) CFAE. Ní mór téacs an Togra a shoiléiriú, áfach, ionas gur fearr a chomhlíonfar an ceanglas maidir le nasc sonrach a bheith ann leis an trádáil idirnáisiúnta, mar chuid de na heilimintí riachtanacha ar cheart dóibh feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a chumadh agus a threorú.

- e) I bhfianaise an tionchair ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann, agus aird á tabhairt ar chumhachtaí na Comhairle faoi na Conarthaí maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, ba cheart don Chomhairle a bheith rannpháirteach sa chinneadh an bhfuil comhéigean eacnamaíoch á úsáid ag tríú tír.
- f) D'fhéadfaí rannpháirtíocht sin na Comhairle a bhaint amach trí chumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt di i gcomhréir le hAirteagal 291(2) CFAE, arna bhfeidhmiú ar thogra ón gCoimisiún, nó trína bheith éigeantach dul i gcomhairle leis an gComhairle roimh ré nó páirt a thabhairt don Chomhairle roimh ré.
-